Teanga Tí, Ag Labhairt Gaeilge sa Bhaile
Scéim Phiolótach do Theaghlaigh sa Scoilphobal

Tá Glór na nGael, Gaeloideachas agus Foras na Gaeilge chun tabhairt faoi fhorbairt ghréasán de theaghlaigh Ghaeilge i scoilphobail scoileanna lánGhaeilge agus Gaeltachta le linn 2017-2020.

Is é is sprioc leis an scéim thacaíochta, Teanga Tí, ná spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do theaghaigh pháistí naíonán sinsir an Ghaeilge a labhairt níos minice sa bhaile. Is scéim uile-ghabhálach í a fhreastalóidh ar riachtanais teanga teaghlaigh difriúla. Is féidir go mbeadh Gaeilge measartha ag tuismitheoirí agus iad ag iarraidh feabhas a chur lena gcumas nó iad ar bheagán Gaeilge ach gur mian leo caighdeán níos airde a bhaint amach.

Beidh ciste tacaíochta mar chuid den scéim. Bronnfaidh an scéim €600 ar gach scoil a ghlacfaidh páirt agus cuirfidh na scoileanna airgead maitseála de €300 ar fáil. Tacóidh an maoiniú seo le heagrú imeachtaí do na teaghlaigh rannpháirteach.

Sa bhreis ar an mhaoiniú d'imeachtaí, gheobhaidh gach teaghlach a ghlacfaidh páirt dearbhán suas go €140 a chuideoidh leo timpeallacht Ghaeilge a chruthú sa bhaile.

Cad é an Sprioc le Teanga Tí?
Is í sprioc na scéime, Teanga Tí, ná spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh, a bhfuil páiste acu sa rang Naíonán Shinsir (nó Rang 2 sna Sé Chontae), an Ghaeilge a labhairt níos minice agus mar ghnáth-theanga sa bhaile. Is scéim uile-ghabhálach í a bheith ábalta freastal ar riachtanais teanga teaghlaigh agus a fhorbróidh gréasáin idir-theaghlach. Bainfear úsáid as scoil mar bhealach chun an gréasán a chur ar bonn agus a eascú.

Cé is féidir leo pairt a ghlacadh sa scéim, Teanga Tí?
Is íosmhéid de chúig agus uasmhéid de naoi dteaghlach a bheith páirteach i ngach grúpa. Tá an scéim teoranta do theaghlaigh a bhfuil páistí acu i gaelscoileanna agus i scoileanna Gaeltachta. Déanfaidh an scoil iarratas ar son na dteaghlaigh. Is scéim oscailte é seo ach is

bun-riachtanas é go gcaithfidh páiste amháin i ngach teaghlach a bheith sa rang Naíonán Shinsir, ach is féidir go mbeidh páistí eile an teaghlaigh i ranganna eile. Mar chuid de scéim phíolótach seo roghnófar 20 scoil ar bhonn chomórtais trí léiriú suime, mar seo a leanas:

- trí cinn i gCúige Chonnacht, (ceann i mBaile Seirbhíse Gaeltachta agus ceann eile i Líonra)
- trí cinn i gCúige Laighean (ceann i mBaile Seirbhíse Gaeltachta agus ceann eile i Líonra)
- trí cinn i gCúige Mumhain (ceann i mBaile Seirbhíse Gaeltachta)
- trí cinn i gCúige Uladh (ceann i mBaile Seirbhíse Gaeltachta agus ceann eile i Líonra)
- dhá cheann sna Sé Chontae (Ceann i Líonra Gaeilge)
- ceithre cinn Ghaeltachta (ceann i mBaile Seirbhíse Gaeltachta)
- dhá cheann cathrach (Baile Átha Cliath)

Cad é mar a mhaoineofar Teanga Tí?
Beidh ciste tacaíochta airgid ann do gach grúpa a ghlacfaidh páirt sa scéim. Bronnfaidh an scéim €600 agus déanfaidh gach scoil infheistiú €300, ie, airgid meaitseála. Éascóidh an maoiniú eagrú imeachtaí teaghlach bunaithe.
Geobhaidh gach teaghlach a ghlacfaidh páirt dearbhán de luach €140. Beidh na teaghlaigh ábalta úsáid a bhaint as an dearbhán le hearraí a cheannach a chuideoidh leo timpeallacht Ghaeilge a chruthú sa bhaile.

Cad é mar is féidir le scoil cur isteach le páirt a ghlacadh ai dTeanga Tí?
Is féidir le scoil iarratas (ar son na dteaghlach) a chur chuig eolas@glornangael.ie, ach critéir na scéime mar a léiríodh i mhíreanna 1 agus 2 thuas, a bheith comhlíonta. Glacfar le litir iarratais, leathanach A4, ag miniú cén fáth gur mhaith leis scoil páirt a ghlacadh sa scéim agus ag léiriú go mbeadh suim ag teaghlaigh sa scoilphobal bheith páirteach ann.

Cad é a tharlóidh ina dhiaidh sin?
Roghnófar an 20 scoil bunaithe ar na critéir thuas. Eagrófar cruinnithe idir na teaghlaigh agus Oifigeach Forbartha Ghlór na nGael roimh Samhradh 2017 leis an scéim a mhíniú, an

próiseas a phlé agus céimeanna le nósmhaireacht teanga sa teach a aontú. Roimhe sin lorgófar ionchur ó Bhord Bainistíochta na Scoile. Aontófar tascairí lóganta le gach grúpa le dul chun cinn a thomhais. (Tá cód iompar molta in Aguisín 1) Iarrfar ar gach scoil:

- Poiblíocht a dhéanamh ar an scéim i measc tuismitheoirí na scoile;
- Áisitheoireacht a dhéanamh ar chruinniú idir na tuismitheoirí gur spéis leo an smaoineamh agus an lucht eagraithe (Glór na nGael agus a páirtnéirí); agus
- Ceithre ócáid chlainne, tré mheán na Gaeilge, a eagrú i gcaitheamh na scoilbliana do na teaghlaigh rannpháirteach.

Tá clár ama do Bhliain 1 na scéime ceangailte in Aguisín 2.

Beidh ar chumas Oifigeach Forbartha Ghlór na nGael a bheith i láthair don chéad dá imeacht clainne le treoir agus comhairle a thabairt.

Is scéim phíolóta í seo a mhairfidh trí bliana. Beidh monatóireacht bhliantúil á dhéanamh ar dul chun cinn na dteaghlach rannpháirteach.

Glór na nGael, Foras na Gaeilge, Gaeloideachais
Márta 2017

Aguisín 1 Meamram Comhthuisceana, Rialacha an Tionscadail

Is gá don scéim thacaíochta don Ghaeilge sa teaghlach, Teanga Tí, ná imeachtaí slán Ghaelacha a chur ar fáil do theaghlaigh agus gréasáin a fhorbairt.

Tá sé de dhualgas ar thuismitheoirí a chinntiú go dtuigeann siad agus go dtuigeann a bpáistí féin na rialacha agus cód iompair seo a leanas:

1. An Ghaeilge
    - Iarrtar ar gach éinne atá ag freastal ar na himeachtaí an Ghaeilge a labhairt.
    - Is gá go mbeidh tuismitheoir amháin le cumas maith sa Ghaeilge in achan grúpa.

2. Tuismitheoirí
    - Iarrtar ar thuismitheoirí smacht a choinneáil ar a bpáistí féin agus fios a bheith acu i gcónaí ar an áit a bhfuil a bpáistí féin.
    - Is gá go mbeidh tuismitheoir / caomhnóir ag gach páiste ag na himeachtaí.

3. Páistí
    - Táthar ag súil le dea-iompair agus dea-bhéasaíocht ó gach páiste.

4. An Timpeallacht
    - Pé láthair ina mbíonn imeachtaí, is gá é a choimeád glan agus meas a léiriú ar an timpeallacht agus ar na háiseanna.
    - Má scriostar bréagáin nó trealamh de bharr spraoi ghairbh, gearrfar costas ar thuismithoeirí nó ar an té atá freagrach leis an damáiste a chlúdach.

Ní foláir do thuismitheoirí agus do pháistí a thuiscint go bhfuil gá leis na rialacha seo lena chinntiú go mbeidh imeacht fiúntach taitneamhach ag cách agus go gcaomhnaítear timpeallacht na teanga.

Beidh an tionscadal á riaradh de réir an mheamram comhthuisceana seo idir an scoil, na tuismitheoirí agus Glór na nGael.

Aguisín 2. Scéim Bunú Géasáin Teaghlach sa Scoilphobal – Plean Gnímh Bliain 1

Meán Fómhair 2017 An chéad cruinniú le tuismitheoirí / aontú spriocanna

Deireadh Fómhair 2017 An chéad imeacht de ceithre chinn roimh deireadh na scoilbhliana

Eanáir 2018 An dara imeacht

Márta 2017 An tríú imeacht

Bealtaine 2017 An ceathrú imeacht